Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 ar thuarastal agus costais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €2.18 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhmeagus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Caipitliú sócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Oifig maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críocha an chuntais seo.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt, agus ní dearbhráthaíocht, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach í cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath orthu sin agus ar litir dearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú don lucht bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh ar leibhéal an lucht bainistíochta freagrachtaí airgeadais a bhfuil cuntasacht chomhfhreagrach ag baint leo.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh na nósanna imeachta i dtaca le gach uile phríomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú don lucht bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam, agus go bhfuil oiliúint chuí curtha ar phearsanra na feidhme sin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá ann don Oifig bonn faisnéise faoina cuid oibre agus is ar an anailís sin a bhíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa féin, bunaithe. Bíonn sé d’aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de réir thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ábhartha go léir cé is moite de chúig chonradh, arbh fhiú €406,174 san iomlán iad, mar atá leagtha amach thíos:

- Bhí trí chonradh, arbh fhiú €314,574 san iomlán iad, neamhchomhlíontach toisc nach ndearna an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách orthu. Astu sin, bhain ceann de na conarthaí le soláthar éigeandála Covid-19 a bhí de dhíth le cur ar chumas 900 ball foirne ar a laghad obair a dhéanamh ón mbaile.
- Bhí dhá chonradh eile, arbh fhiú €91,600 san iomlán iad, neamhchomhlíontach toisc gur bhain siad le tar-rolladh gearrthéarmach conarthaí a bhí i bhfeidhm cheana féin, rud a bhí de dhíth de bharr go raibh moill ar chur chun feidhme conarthaí iomaíocha nua.

Tá sé beartaithe ag an Oifig cur le ról maoirseachta agus comhlíonta na rannóige tacaíochta soláthair leis an gcás sin a chur ina cheart. Áirítear leis na beartais agus nósanna imeachta feabhsaithe rialachais a cuireadh i bhfeidhm chuige sin beartas nua soláthair a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2020 agus clár oiliúna agus feasachta atá le cur ar fáil go luath i réimsí ainmnithe soláthair. Tháinig córas nua bainistíochta conarthaí i bhfeidhm i mí Eanáir 2021. Is modúl comhtháite den chóras bainistíochta airgeadais é sin agus tabharfaidh sé léargas níos fearr ar an gcaiteachas ar chonarthaí agus ar dhátaí éaga a bhíonn ag teannadh linn.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann don Oifig agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn faisnéise faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí a mhaolú go leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl dóibh siúd a bhfuil de fhreagracht orthu gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don bhord bainistíochta, nuair is iomchuí, in am is i dtráth. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe riosca. Is í obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil a chuireann bonn faisnéise faoin bhfaireachán agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Oifig ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 i rith na bliana; áiríodh leis sin tionchair ar tháirgeadh staitistiúil, rialuithe airgeadais agus próisis tacaíochta, ceanglais chun tacú le hoibriú ón mbaile agus folláine foirne, sábháilteacht fhisiciúil na mball foirne riachtanach ar an láthair a chinntiú, agus slándáil foirgneamh agus sócmhainní.

Ba é príomhfhócas an chuid ba mhó de na 900 duine atá ar fhoireann na hOifige ar an gcéad dul síos ná leanúnachas gnó a choinneáil fad agus a bhí siad á n-aistriú chuig córas cianoibre. Chun an méid sin a dhéanamh, baineadh feidhm as crua-earraí agus bogearraí teicneolaíochta a bhí ann cheana féin, é sin agus toilteanas na mball foirne lena gcuid gléasanna féin a úsáid chun rochtain a fháil ar thairseacha nuachruthaithe. Nascann úsáideoirí go díreach lena ndeasc oifige, rud a fhágann gur féidir leo cianrochtain chobhsaí shlán a fháil ar chórais na hOifige gan aon laghdú ar na rialuithe slándála.

Leanadh le seiceálacha agus próisis airgeadais a dhéanamh lasmuigh den láthair, lena n-áirítear fíoruithe seiceálaí/athbhreithneora agus leithscaradh dualgas. Cuireadh próiseas sínithe leictreonaigh i bhfeidhm chun foirmeacha údaraithe íocaíochta sonraisc a chomhlánú. Tá na próisis agus na seiceálacha uile a bhí ann cheana féin fós á ndéanamh sula gcuirtear sonraisc faoi bhráid na Rannóige Airgeadais lena n-íoc.

Sa chuid eile de 2020, bhíothas ag díriú ar leanúnachas 'gnó mar is gnách' a chinntiú agus freagairt d'éilimh mhéadaitheacha chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta don phaindéim trí tháirgí sonraí fíor-ama a chur ar fáil le cur ar chumas saineolaithe eipidéimeolaíochta agus Oifig an Taoisigh anailís eolach a dhéanamh. Lean an Oifig uirthi ag foilsiú staitisticí ábhartha eacnamaíocha agus sóisialta i rith na paindéime. Mar thoradh ar thionchar na paindéime, rinneadh oiriúnú ar phróisis staidrimh, amhail bailiú, modheolaíocht, próiseáil agus scaipeadh, chun a chinntiú go bhféadfaí leanúint den chlár oibre staidrimh a chur i bhfeidhm. D'fhorbair an Oifig táirgí agus seirbhísí nua Covid-19 freisin d'fhonn tacú leis an bhfreagairt náisiúnta don phaindéim agus léargas a fháil ar thionchar na géarchéime ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí.

Mar gheall ar phaindéim Covid-19, rinne an Rialtas cinneadh i mí Mheán Fómhair 2020 an daonáireamh a bhí le cur ar siúl i mí Aibreáin 2021 a chur siar go dtí an 3 Aibreán 2022. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, bhí athruithe le déanamh ar roinnt conarthaí. Ba é €3,450,453 costas iomlán na n-athruithe sin don tréimhse ama fhadaithe.

Tugtar le fios i dtorthaí na measúnuithe, agus i dtorthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh le linn 2020, nach raibh aon chur isteach suntasach ann ar na rialuithe inmheánacha.

***Ceisteanna maidir leis an rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Pádraig Dalton**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

29 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

### *Tuairim ar an gcuntas leithreasa*

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

#### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2021

# Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Clár staidrimh bliantúil a chur i bhfeidhm | 67,010 | 64,979 | 55,192 |
| **Ollchaiteachas** | | **67,010** | **64,979** | **55,192** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,320** | **1,469** | **2,298** |
| **Glanchaiteachas** | | **65,690** | **63,510** | **52,894** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr, i. an tsuim a soláthraíodh os cionn na glansuime, dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,179,548** | **1,819,597** |

**Pádraig Dalton**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

29 Márta 2021

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 45,275 | 40,779 |
| Neamhphá | | 19,704 | 14,413 |
| **Ollchaiteachas** | | **64,979** | **55,192** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,469** | **2,298** |
| **Glanchaiteachas** | | **63,510** | **52,894** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (9,165) | | |
| Dímheas | 1,861 | (7,304) | (2,476) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (536) | | |
| Méadú ar stoc | (40) | (576) | 397 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **55,630** | **50,815** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,888 | 8,941 |
| Measchíosanna | | 1,706 | 1,706 |
| **Glanchostas an chláir** | | **66,224** | **61,462** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 4 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,350 | 1,779 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 6,198 | 5,750 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,237 | 1,320 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 103 | 92 |
| | | **8,888** | **8,941** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 16,380 | 9,076 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,067 | 181 |
| Stoic | 2.3 | 98 | 57 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,495 | 881 |
| Ioncam fabhraithe | | 99 | 93 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 226 | 475 |
| Glanchistiú ón Státchiste | 2.6 | 649 | 679 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,634** | **2,366** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 462 | 377 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,942 | 1,335 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,404** | **1,712** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,230 | 654 |
| **Glansócmhainní** | | **17,610** | **9,730** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.7 | **17,610** | **9,730** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 67,269 | 3,423 | 4,103 | 74,795 |
| Breiseanna | 724 | — | 8,441 | 9,165 |
| Diúscairtí | (19) | (211) | — | (230) |
| Curtha in úsáid | 2,234 | — | (2,234) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 70,208 | 3,212 | 10,310 | 83,730 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 62,448 | 3,271 | — | 65,719 |
| Dímheas don bhliain | 1,833 | 28 | — | 1,861 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (19) | (211) | — | (230) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 64,262 | 3,088 | — | 67,350 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **5,946** | **124** | **10,310** | **16,380** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 4,821 | 152 | 4,103 | 9,076 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 1,065 | 180 |
| Mionairgead | 2 | 1 |
| | **1,067** | **181** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 87 | 45 |
| Ábhar inchaite TF | 11 | 12 |
| | **98** | **57** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 162 | 157 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 3 | 8 |
| Caiteachas pas taistil in-fhorchúitithe | 6 | 40 |
| Iarmhéid Oifig na nOibreacha Poiblí ar fionraí | 38 | 64 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 17 | 206 |
| | **226** | **475** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 560 | 490 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 380 | 352 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 31 | 22 |
| Cáin bhreisluacha | 56 | 33 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 121 | 111 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 113 | 100 |
| | 1,261 | 1,108 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 186 | 182 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 495 | 45 |
| | **1,942** | **1,335** |

## 2.6 Glanchistiú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 2,180 | 1,820 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,829) | (2,499) |
| **Glanchistiú ón Státchiste** | **(649)** | **(679)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,067 | 181 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 226 | 475 |
| | 1,293 | 656 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,261) | (1,108) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (681) | (227) |
| | (1,942) | (1,335) |
| | **(649)** | **(679)** |

## 2.7 Cuntas cistithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 9,730 | 7,651 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 65,690 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,180) | | |
| Glanvóta | | | 63,510 | 52,894 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 8,888 | 8,941 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos | 1 | | 1,706 | 1,706 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (66,224) | (61,462) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **17,610** | **9,730** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 9,162 | 13,525 |
| **Iomlán na gceangaltas in-fhorfheidhmithe de réir dlí** | **9,162** | **13,525** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar na dliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 1 | — |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Oifig le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a bhféadfadh dliteanais a bheith ann mar thoradh orthu ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le cá mhéad a bheadh ar dhliteanais fhéideartha den sórt sin ná le cén uair a thiocfadh siad chun cinn.

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

## Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Maidir le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh, tá an leithdháileadh iomlán ina leith rangaithe mar chaiteachas riaracháin a fheidhmítear faoi chomhair clár aonair: clár bliantúil staidrimh a sholáthar.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 47,548 | 45,275 | 40,779 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,222 | 369 | 1,522 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,315 | 942 | 1,234 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,623 | 2,717 | 832 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 11,922 | 13,462 | 7,835 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,009 | 1,177 | 1,507 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 55 | 9 | 82 |
| viii | Bailiú staitisticí | 2,316 | 1,028 | 1,401 |
| | | **67,010** | **64,979** | **55,192** |

### Athruithe suntasacha

Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna leis na hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €1.222 milliún; toradh €369,000*

Is éard ba chúis leis an laghdú €853,000 ar an gcaiteachas ar thaisteal agus cothú ná an laghdú tobann a tháinig ar thaisteal tar éis mhí an Mhárta de dheasca phaindéim Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.315 milliún; toradh €942,000*

Is éard ba chúis phríomha leis an laghdú €373,000 ar an gcaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha ná gur cuireadh siar an Daonáireamh de dheasca phaindéim Covid-19.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €1.623 milliún; toradh €2.717 milliún*

Is éard ba chúis leis an méadú €1.094 milliún ar an gcaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide ná an cinneadh le bearta breise slándála a chur i bhfeidhm ar ghléasanna móibíleacha a bhí faighte ag an soláthraí cheana féin i gcomhair an Daonáirimh. Tá an córas bainistíochta cásanna socraithe le hoibriú ar na gléasanna móibíleacha áirithe sin agus measadh go raibh sé tábhachtach na bearta a dhéanamh le haon riosca a sheachaint go gcaithfí athrú chuig cineál eile gléis mhóibíligh amach anseo.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €11.922 milliún; toradh €13.462 milliún*

Is éard ba chúis leis an méadú €1.54 milliún ar an gcaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF ná an cinneadh go gcuirfí an Daonáireamh siar go 2022, rud a d’fhág gur ghá leasú a dhéanamh ar an gconradh maidir leis an gcóras próiseála daonáirimh. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn ar thionscadail chriticiúla TF maidir le bailiú méadaithe sonraí digiteacha agus úsáid foinsí malartacha sonraí (.i. mórshonraí). Tháinig méadú freisin ar na riachtanais crua-earraí agus ar na costais cheadúnúcháin a bhí i gceist le tacú leis na baill foirne a bhí ag obair ón mbaile agus ag cur amach gnáth-tháirgí staitistiúla agus táirgí nua.

**viii Bailiú staitisticí**

*Soláthar meastacháin €2.316 milliún; toradh €1.028 milliún*

Is éard ba chúis leis an laghdú €1.288 milliún ar an gcaiteachas ar bhailiú staitisticí ná paindéim Covid-19. Ní raibh an dara rogha ag an Oifig ach roinnt tionscadal a chur siar, an Daonáireamh agus Suirbhé Buiséid an Líon Tí ina measc.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ón Aontas Eorpach | 130 | 157 | 1,016 |
| 2 | Ilghnéitheach | 70 | 66 | 46 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,120 | 1,246 | 1,236 |
| | **Iomlán** | **1,320** | **1,469** | **2,298** |

**Athruithe suntasacha**

Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná na cúiseanna leis na hathruithe suntasacha sna fáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €149,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá míniú tugtha thíos ar na hathruithe:

3 **Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €1.12 milliún; réadaithe €1.246 milliún*

Is éard ba chúis leis an méadú ar ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ná an méadú a tháinig ar an líon foirne agus ar chaiteachas párolla.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **853** | **832** |

### 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 41,620 | 37,559 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 104 | 110 |
| Liúntais eile | 124 | 99 |
| Ragobair | 66 | 80 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,361 | 2,931 |
| **Pá iomlán [a]** | **45,275** | **40,779** |

Nóta [a] Is é figiúr fhotheideal A(i) an figiúr iomlán pá.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 49 | 2 | 13,206 | 10,336 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 15 | 2 | 11,232 | 14,124 |
| Liúntais eile | 18 | 2 | 12,333 | 10,263 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 18 | 4 | 18,676 | 21,430 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus pinsean státseirbhíse á fháil aige/aici a athfhostú ar bhonn táille ar chostas €2,700 san iomlán le linn 2020. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €32,655 i leith beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig in 2020, ar feadh na bliana ar fad nó cuid di, agus ar íoc an Oifig a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i leith 29 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig in 2020, ar feadh na bliana ar fad nó cuid di, i ranna/oifigí eile rialtais.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí pá

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 48 | 114,143 | 146,461 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 20 | 30,346 | 36,922 |

Sé phlean aisghabhála ró-íocaíochta a bhain le cúigear agus a raibh €2,678 san iomlán i gceist leo, aistríodh chuig Ranna eile iad le himeacht na bliana. Rinne an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú ar a modheolaíocht tuairiscithe ró-íocaíochtaí in 2020 agus tá laghdú €10,012 tagtha ar fhigiúirí 2019 chun an mhodheolaíocht nua sin a léiriú.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Faigheann an Oifig maoiniú faoi chomhair tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. Le linn 2020, fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh ioncam €157,000 ón Aontas Eorpach de bhun dhá chonradh. Bhain an dá chonradh le bailiú sonraí chun éascaíocht a dhéanamh ar chomparáidí paireachta cumhachta ceannaigh idir na praghsanna i bpríomhchathracha éagsúla. Aithníodh an cistiú sin mar leithreasaí-i-gcabhair in 2020.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Oifig** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh ó fhostaithe | 2 | 7 | — | 7 | 14 | 9 |
| Éilimh ó dhaoine den phobal | — | — | — | — | — | — |
| | | **7** | **—** | **7** | **14** | **9** |